

JORDAN'S CASTLE

Irish Translation

CAISLEAN JORDAN

Ard Ghlais

Contae an Dúin

Ní bhfuair na hAngla-Normannaigh forlámhas ach ar cheantair áirithe ar chóstaí thoir agus thuaidh den chúige lena n-ionradh ar Chúige Uladh. Mar gheall ar naimhdeas in Éirinn, bhí daingin áitiúla agus calafoirt maithe ar comhthábhacht chun lonnaíochtaí a bhunú. ,Bhí an bheirt sin in éineacht in go leor cásanna, an daingean ag cosaint an chalafoirt, mar is amhlaidh ag Caisleán Charraig Fhearghais agus Móta Dhomhnach Daoi. B'fhéidir gur mhéadaigh tábhacht Ard Ghlais go mall sna meánaoiseanna mar gheall ar chomh láidir is a bhí na lonnaíochtaí Sasanacha thart ar cheantar Leath Chathail, soir ó dheas ó Dhún Pádraig, tráth a raibh tionchar na Sasanach ag dul in éag in áiteanna eile. Lonnaigh cuideachta trádála as Londain anseo i rith réimeas Annraoi IV, agus faoin 15ú haois bhí ní ba mhó trádála ar bun sa chalafort ná in aon chalafort eile in Ulaidh.

Neamhchosúil leis an gcalafort láidir eile, Carraig Fhearghais, ina raibh caisleán agus ballaí timpeall ar an mbaile ar mhaithe lena chosaint, bhraith Ard Ghlais ar fháinne túrthithe agus an Newark, raon de trádstórais daingne (club gailf atá i gcuid de anois). Bhí an patrún céanna leis na túrthithe is a bhí leis na tithe ag daoine saibhre ag deireadh na meánaoiseanna in Éirinn. Tá sraith seomraí forshuite iontu, uaireanta fo-roinnte, agus staighrí eatarthu sna ballaí nó i dtúir bheaga ceangailte leo. I gContae an Dúin, forbraíodh 'cineál teach geata' sa 15ú haois a thug cosaint don bhealach isteach idir dhá thúr starracha. Bhí siad seo ceangailte ag leibhéal an dín le huchtbhalla droimneach nó poll a thug cosaint bhreise. Bhí sé sách cosúil leis na tithe geataí i gcaisleáin sa 13ú haois, a thugann ainm don chineál seo agus seans gur uaidh a tháinig an smaoineamh chomh maith. (Féach an tsamhail atógtha agus pleananna)

Tá tréithe neamhchoitianta Ard Ghlais le feiceáil go fóill sna pictiúir a rinne ealaíontóirí románsacha an 18ú haois. Sampla de seo is ea greanadh Thomas Robinson, a oiriúnadh don léaráid teidil, a léiríonn an calafort agus na túir arda timpeall air. Sa Dublin Penny Journal sa bhliain 1833 scríobhadh, 'an ceann is suntasaí acu seo is ea Caisleán Jordan, cé go bhfuil sé níos lú ná Caisleán an Rí (cuireadh cuid de isteach i dteach ar stíl chaisleáin, atá mar chuid d'óstlann nua-aimseartha anois) ach tá Caisleán Jordan níos galánta ná aon fhoirgneamh eile dá chineál, agus b'áit an-láidir í. Tá sé suite i lár an bhaile agus is cosúil gurbh é an dúnfort é. Cuimhnítear ar an gcaisleán seo mar gheall ar an gcosaint chróga a rinne a úinéir, Simon Jordan, i rith éirí amach

Thír Eoghain, choinnigh sé an caisleán ar feadh thrí bliana nó gur tháinig an Leas-Tiarna Mountjoy ina fhaoiseamh air, an 17 Meitheamh 1601'.

Caisleán Chill Cléithe, ar an gcósta ó thuaidh d'Ard Ghlais, is ea an sampla is luaithe is féidir a dhátú den 'teach geata'. Tógadh é don Easpag John Sely ar rinneadh Easpag ar Chontae an Dúin de sa bhliain 1413. Is dóigh freisin gur tógadh Caisleán Jordan go luath sa 15ú haois. Seachas an léigear drámatúil, áfach, is beag atá ar eolas maidir le stair an fhoirgnimh. Seans gur úsáideadh mar theach cónaithe é go dtí deireadh an 17ú haois ar a laghad, agus b'fhéidir gur stór a bhí ann ina dhiaidh sin. Bhí sé ina fhothrach faoin mbliain 1911 nuair a cheannaigh aturnae agus ársaitheoir as Béal Feirste, Francis Joseph Bigger, é agus d'athchóirigh sé é le díograis sách rómánsúil. Is cuid de bhailiúchán seaniarsmaí an Uasail Bigger atá le feiceáil sa chaisleán é, lena n-áirítear gunnaí móra 3 phunt ar charráistí léigeair (féach leathanach cúil). Nuair a bhásaigh sé sa bhliain 1926, tugadh an caisleán agus gach a raibh istigh ann don rialtas le caomhnú mar shéadchomhartha stairiúil faoi Chúram Stáit.

Tá Caisleán Jordan fós os cionn an chalafoirt ó lár an bhaile. Tógadh é le brablach cloiche agus cóiriú gaineamhchloiche, agus is dóigh go raibh an taobh amuigh de na ballaí, ar a dtagann barrchaolú dá lán-airde, clúdaithe le scáthú nó le harling, an rud a rinneadh go minic ó thuaidh, chun nach dtiocfadh uisce isteach. Ón taobh amuigh níl sna fuinneoga ach scoilteacha beaga bídeacha. Díreach taobh thiar den túr tá tobar beag clúdaithe le clocha agus sa ghairdín taobh thoir tá gunna mór curtha suas go neamhdhóchúlach, b'fhéidir ón 17ú haois, ó bhailiúchán an Uasail Bigger.

Is é an caisleán an sampla is forbartha den saghas 'teach geata'. Tá dhá thúr ag dul ó thuaidh ó choirnéil Thoir-Thuaidh agus Thiar-Thuaidh an phríomhthúir. Tá siad ceangailte ag an díon leis an ngnáth-uchtbhalla droimneach, ach an rud atá aisteach faoi Chaisleán Jordan ná go bhfuil an dara huchtbhalla ann, é níos airde ná an chéad cheann agus dronuilleach leis ar an taobh thoir agus thiar-thuaidh den túr. Thug sé seo cosaint phoill don doras díreach thíos faoi.

Atógadh an doras, cé go bhfuil poll an bharra tharraingthe ar a raibh an chéad doras crochta fós le feiceáil. Mar urlár i Seomra Urlár na Talún tá dromchla garbh na carraige ar a tógadh an caisleán. Tá na fuinneoga caola spréite amach taobh istigh agus amuigh chun stua leathan lámhaigh a thabhairt do chosantóirí. Áit dhorcha thais a bhíodh anseo agus áit stórála a bhíodh ann den chuid ba mhó seachas áit chónaithe. Léiríonn an díon boghtach, ar dearadh é chun cosaint a thabhairt i gcoinne dóiteáin, lorg na caoladóireachta ar a tógadh é go fóill.

Téann an Staighre Bíseach nó Paidhce sa túr Thiar-Thuaidh suas díreach chuig díon an chaisleáin, agus rochtain ansin chuig gach seomra a d'fhéadfaí a dhúnadh le comhla bharra tarraingthe. Íoslaghdaíodh toirt na gcomhlaí sin nuair a osclaíodh iad le cuasán sa bhalla inar cuireadh an comhla, réiteach néata úsáideach.

Tá teallach leathan i Seomra Urlár na Talún agus dhéanfaí an chuid ba mhó den chócaireacht anseo. Baineann an calla os cionn an teallaigh le hathchóiriú san 20ú haois. Ag an leibhéal seo níl na fuinneoga spréite ach taobh istigh agus tá suíocháin chloiche curtha sna spréanna. Sa bhalla Thiar tá oscailt bheag a chlaonann amach agus seans gur úsáideadh í mar dhraein d'fhuíoll na cistine. Tá an t-urlár crua tógtha ar an mboghta faoi. Atógáil nua-aimseartha atá sa tsíleáil adhmaid. Ar na hurláir os cionn urlár na talún tá bealach isteach i seomra beag leithris le díon cloiche lindéir sa túr Thoir-Thuaidh.

Is dócha gur úsáid úinéir an chaisleáin Seomra an Dara hUrlár mar an príomhspás foirmiúil do bhéilí agus siamsaíocht. Cosúil leis an gcéad urlár, tá spré mór sna fuinneoga agus suíocháin chloiche iontu, draein fuílll ar an taobh Thiar, agus seomra leithris sa túr Thuaidh Thoir, ach díon coirbéalta níos leithne air an uair seo. Tá cloigeann deighilte athchóirithe ar an teallach ach is iad na taobhanna seaimféir atá ann ón tús. Tá an díon adhmaid nua-aimseartha.

Tá díon adhmaid nua-aimseartha i Seomra an Tríú hUrlár os cionn na gcoirbéal cloiche a ndearna an tUasal Bigger a chóipeáil uathu siúd faoin túr ó lár an 14ú haois a bhí i séipéal prióra Naomh Proinsias i gCill Chainnigh. Tá díon coirbéalta ar an seomra leithris sa túr Thoir Thuaidh.

Díon nua-aimseartha coincréite atá sa Díon réidh atá air faoi láthair; mar gheall go bhfuil cosán timpeall ar an díon ceaptar go raibh an chéad díon crochta agus beannach. Seans gur sclátaí a bhí air, déanta as cloch áitiúil scoilte, nó le sclátaí Breatnacha a bhí mar phríomh-allmhaire in Ard Ghlas. Rinneadh roinnt mhaith atógála ar na túiríní atá ar cheithre choirnéal an dín. Tá an ceann Thiar-Thuaidh stór níos airde ná na cinn eile, d'fhéadfadh sé gurbh as seo a úsáideadh an poll, ach sna blianta ina dhiaidh sin úsáideadh an túirín mar áiléar colm. Is féidir radharc an cho-santóra ar an bpríomhdhoras a fheiceáil i gcónaí sa phríomhpholl. Tá radhairc iontacha ón díon ar feadh an chósta agus intíre, rud a thaitneoidh le cuairteoirí an lae inniu agus meabhraíonn sé dúinn,freisin, chomh suntasach is a bhí an caisleán roimhe seo.

Léitheoireacht Bhreise
An Archaeological Survey of Co. Down (H.M.S.O. 1966), 220-225.

I measc na dtúrthithe eile faoi Chúram Stáit i gCo. an Dúin atá Caol Uisce ar Loch Cairlinn, Sgath Deircce ar Loch Cuan, agus Cill Cléithe, Baile Loch Cuan agus Caisleán Audley, iad ar fad i Leath Chathail. Tá Séipéal Ardtole, _ mhíle soir ó thuaidh ó Ard Ghlais, faoi Chúram Stáit chomh maith.

Rochtain Tá Caisleán Jordan (J560372) i lár Ard Ghlais, 6 mhíle soir ó dheas ó Dhún Pádraig.